AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 29.8.2011
COIM(2011) 522 leagan deireanach

2011/0226 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI')

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- Forais agus cuspóirí an togra

Is ag méadú atá na ceanglais a chuireann dlí an AE ar na húdaráis phoiblí de chuid na mBallstát atá freagrach as an dlí sin a chur i bhfeidhm comhoibriú lena gcontrapháirteanna i mBallstáit eile. Chun tacú leo lena gcúraimí, cheap an Coimisiún Eorpach Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI') mar ardán comhair riaracháin a bheadh cineálach agus in-saincheaptha agus tá sé ar fáil do na Ballstáit mar sheirbhís saor in aisce ó 2008 i leith. Cuireann sé bealach cumarsáide sciobtha agus slán ar fáil do bhreis is 6000 údarás cláraithe sna 27 Ballstát agus sna trí thír den LEE chun faisnéis a mhalartú thar theorainneacha lena gcontrapháirteanna, agus constaicí na héagsúlachta teanga agus éagsúlacht na struchtúr riaracháin a shárú go héifeachtach. Baintear úsáid as IMI faoi láthair chun faisnéis a mhalartú de bhun Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[1] ('An Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla’) agus Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[2] (‘An Treoir um Sheirbhísí'). In 2010, malartaíodh tuairim is 2000 iarraidh ar fhaisnéis trí IMI.

Is minic a bhíonn próiseáil agus malartú sonraí pearsanta shaoránaigh an AE mar chuid de chomhar riaracháin trasteorann. Is amhlaidh an cás faoin Treoir um Sheirbhísí agus faoin Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla mar shampla. Ó thaobh an dlí de, feidhmíonn IMI ar bhonn cinnidh ón gCoimisiún, ar bhonn cinnidh ‘coisteolaíochta’, agus ar bhonn molta ón gCoimisiún[3]. Toisc nárbh ann d'ionstraim aonair dlí arna glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle lena gcuirfí bonn faoi oibríochtaí IMI, measadh nach bhféadfaí é a leathnú a thuilleadh. Sa chleachtas, áfach, áirithítear le IMI gurb ann d'ardleibhéal cosanta sonraí ar bhonn teicniúil agus ar bhonn nós imeachta. A bhuí leis an iliomad gnéithe nós imeachta agus teicniúla a sníodh isteach sa chóras chun príobháideachas a fheabhsú de réir phrionsabal an phríobháideachais d'aon ghnó (*privacy by design*), baineann leibhéal cosanta agus slándála i bhfad níos airde le próiseáil sonraí pearsanta in IMI seachas faisnéis a mhalartú ar mhodhanna eile amhail tríd an bpost, ar an teileafón, trí fhacs nó trí ríomhphost. Ina theannta sin, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna cosanta sonraí i gcás úsáid laethúil an chórais agus áirítear san ábhar oiliúna le haghaidh úsáideoirí IMI iad.

---

1 IO L 255, 30.9.2005, lch.22.
2 IO L 376, 27.12.2006, lch.36.
3 Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2007 maidir le cur chun feidhme Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) i dtaca le cosaint sonraí pearsanta (IO L 13, 16.1.2008, lch. 18), Cinneadh 2009/739/CE ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar amach na socruithe praiticiúla chun faisnéis a mhalartú ar mhodhanna leictreonacha idir na Ballstáit faoi Chaibidil VI de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 263, 7.10.2009, lch. 32), Moladh ón gCoimisiún an 26 Márta 2009 maidir le treoirlínte le haghaidh cosanta sonraí do Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) (IO L 100, 18.4.2009, lch. 12).

De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún ‘I dtreo Gnímh um an Margadh Aonair’, is mór an tábhacht a bhaineann le IMI a leathnú chuig earnálacha eile ‘chun líonra dílis leictreonach duine le duine a chruthú le haghaidh údaráis na hEorpa’, d’fhonn rialachas níos fearr ar an margadh aonair a chur chun cinn[4]. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún[5] ‘Rialachas níos fearr ar an Margadh Aonair trí chomhar riaracháin níos fearr: Straitéis chun Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) a leathnú agus a fhorbairt ('Teachtaireacht maidir le Straitéis IMI')' a glacadh an 21 Feabhra 2011, leagadh amach pleananna chun IMI a leathnú chuig réimsí eile de dhlí an AE amach anseo. Ina Theachtaireacht dar teideal 'Gníomh um an Margadh Aonair' leag an Coimisiún béim ar an tábhacht a bhaineann le IMI chun comhar a neartú i measc na ngníomhairí atá rannpháirteach sa mhargadh aonair, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil, agus sa dóigh sin cuirtear le rialachas níos fearr ar an margadh aonair[6].

Is iad seo a leanas cuspóirí an togra seo:

(1) Creat fónta dlí a bhunú le haghaidh IMI, maille le sraith comhrialacha chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtúil;

(2) Creat cuimsitheach um chosaint sonraí a sholáthar trí na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta in IMI a leagan amach;

(3) Leathnú féideartha IMI chuig réimsí eile de dhlí an AE amach anseo a éascú; agus

(4) Róil na ngníomhairí éagsúla a bhfuil baint acu le IMI a shoiléiriú.

- Comhthéacs ginearálta

Sna cinntí ón gCoimisiún C/2006/3606 an 14 Lúnasa 2006, C/2007/3514 an 25 Iúil 2007 agus C/2008/1881 an 14 Bealtaine 2008, chinn sé Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a chur ar bun agus a mhaoiniú mar thionscadal comhleasa faoi chlár IDABC (Ríomhsheirbhísí Rialtais uile-Eorpacha a chur ar fáil go hidiroibritheach do chórais riaracháin phoiblí, do ghnóthais agus do shaoránaigh). Soláthraíodh tuilleadh maoinithe le Cinneadh C/2007/3514 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2007 maidir leis an gceathrú athbhreithniú ar Chlár Oibre IDABC.

I gCinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún leagadh síos feidhmeanna, cearta agus oibleagáidí gníomhairí agus úsáideoirí IMI, ag cur tuairim Mheitheal Airteagal 29[7] san áireamh. Tar éis don Chinneadh a bheith glactha, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) tuairim[8] inar iarr sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an

---

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún ‘I dTreo Gnímh um an Margadh Aonair. Le haghaidh geilleagair shóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar. 50 togra chun ár gcuid oibre, ár ngnó agus ár gcaidreamh lena chéile a fheabhsú’, COIM(2010) 608 críochnaitheach, togra Uimh. 45 ar lch. 31.

5 COIM(2011) 75.

6 COIM(2011) 206.

7 Tuairim 01911/07/EN, WP 140.

8 Tuairim an 22 Feabhra 2008 ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ('MECS') ar an gCinneadh ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2007 maidir le cur chun feidhme Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) i dtaca le cosaint sonraí pearsanta, IO C 270, 25.10.2008, lch. 1.

gComhairle ionstraim dlí a ghlacadh i bhfianaise an leathnaithe a bhí beartaithe ar IMI chuig réimsí breise de reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh.

Go dtí go nglacfar ionstraim dlí den sórt sin, comhaontaíodh cur chuige céim ar chéim a leanúint, ag tosú le treoirlínte a ghlacadh maidir le rialacha cosanta sonraí a chur chun feidhme in IMI, ar treoirlínte iad a tharraingeofaí suas i ndlúthchomhar leis an MECS[9]. Mheas an Coimisiún go raibh an cur chuige céim ar chéim sin éifeachtach maidir lena áirithiú gurbh ann d'ardleibhéal cosanta sonraí in IMI ar bhonn teicniúil agus ar bhonn nós imeachta[10].

- Forálacha atá ann cheana i réimse an togra

Tugtar aghaidh ar phróiseáil sonraí pearsanta in IMI sna cinntí agus sna moltaí ón gCoimisiún atá liostaithe i bhfonóta 3.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

Le bliain anuas, bhí an Coimisiún ag cur geallsealbhóirí IMI, lena n-áirítear comhordaitheoirí náisiúnta IMI agus údaráis a úsáideann an córas, ar an eolas trí fhóraim éagsúla i dtaobh a phleananna chun IMI a leathnú amach anseo. Sna freagraí a fuarthas, léiríodh tacaíocht ghinearálta do rún an Choimisiúin togra a dhéanamh le haghaidh ionstraime cothrománaí dlí a chuirfeadh deireadh le haon amhras i ndáil lena cheangailtí atá na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta sa chóras.

Chuathas i mbun comhairle neamhfhoirmiúla leis an MECS sna céimeanna luatha in ullmhú an togra, rinneadh comhairliúchán foirmiúil leis le linn an chomhairliúcháin idirsheirbhíse freisin, agus bhí a chuidiú ríthábhachtach.

- Measúnú tionchair

Mar a luadh cheana, leis an togra seo déantar na rialacha lena rialaítear IMI faoi láthair a chomhdhlúthú laistigh d'ionstraim chothrománach aonair atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Dá thoradh sin, ní gá aon roghanna beartais malartacha a mheas ag an bpointe seo. Thairis sin, ní thuartar ná ní choisctear leis an togra seo aon chinntí amach anseo maidir le leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar IMI chuig réimsí eile de dhlí an Aontais. Ní dhéantar leis ach leathnú den sórt sin a éascú trí chreat urrúnta dlí a sholáthar i gcomhair fheidhmiú IMI agus trí nós imeachta solúbtha a sholáthar i gcomhair cinntí a dhéanfar amach anseo maidir lena leathnú. Beidh an méid sin bunaithe ar na critéir atá leagtha amach sa Teachtaireacht maidir le Straitéis IMI a luadh thuas. Ar na cúiseanna sin, ní dhearnadh measúnú tionchair ar an togra. Má chinntear amach anseo úsáid IMI a leathnú amach thar na réimsí de dhlí an Aontais ina n-úsáidtear faoi láthair é, beidh measúnú tionchair comhréireach de dhíth.

---

[9] Moladh ón gCoimisiún an 26 Márta 2009 maidir le treoirlínte cosanta sonraí le haghaidh Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI), IO L 100, 18.4.2009, lch. 12.

[10] Tuarascáil ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2010 ar staid na cosanta sonraí i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, COIM(2010) 170 críochnaitheach.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe

Is é is aidhm don togra seo feabhas a chur ar na dálaí ina bhfeidhmíonn an margadh inmheánach trí uirlis a sholáthar a bheidh éifeachtach agus cairdiúil don úsáideoir agus lena n-éascófar cur chun feidhme praiticiúil na bhforálacha sin i ndlí an Aontais lena sainordaítear comhar riaracháin agus malartú faisnéise.

Leis an Rialachán atá beartaithe, leagtar síos in ionstraim aonair dlí príomhphrionsabail na cosanta sonraí trí IMI, lena n-áirítear cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, agus sa dóigh sin méadaítear trédhearcacht agus feabhsaítear deimhneacht dhlíthiúil. Tá liosta na réimsí de dhlí an Aontais ina bhfuil IMI in úsáid faoi láthair leagtha amach in Iarscríbhinn I. Tá na réimsí a bhféadfaí é a leathnú amach chucu amach anseo liostaithe in Iarscríbhinn II. Na gnéithe a bhaineann le nós imeachta agus buiséad agus arb é is aidhm dóibh leathnú IMI a éascú amach anseo, tá siad i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le Straitéis IMI a luadh thuas.

- Bunús dlí:

Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- Prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta

I bhfianaise an nádúir atá in IMI mar uirlis láraithe cumarsáide arna forbairt agus arna hóstáil ag an gCoimisiún, ní mór sraith comhrialacha a bhunú is infheidhme maidir leis an gcóras, agus iad a chur chun feidhme ar bhealach láraithe. Chun cuspóirí IMI a bhaint amach, mar atá bacainní ar chomhar trasteorann a dhíchur amhail constaicí teanga, cultúir riaracháin agus oibre éagsúla agus easpa nósanna imeachta seanbhunaithe chun faisnéis a mhalartú, ní leor gníomhaíocht na mBallstát agus tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh de dhíth. Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- Rogha na n-ionstraimí

An ionstraim atá beartaithe: rialachán

I bhfianaise na gcuspóirí thuasluaite, tá sé sár-riachtanch sraith comhrialacha a bhunú i gcomhair fheidhmiú IMI. Ní fhéadfaí é sin a bhaint amach trí bhíthin treorach, ós rud é nach bhfuil treoir ceangailteach ach ó thaobh an toraidh atá le baint amach de agus go bhfágtar faoi na húdaráis náisiúnta é an fhoirm agus na modhanna a roghnú. I gcás an togra seo, ámh, is gá *foirm agus modhanna* an chomhair riaracháin trí IMI a shainiú go cruinn. Maidir le fasaigh atá fónta, féadtar a thabhairt ar aird gur úsáideadh rialacháin i gcomhair córas mór eile teicneolaíochta faisnéise ar leibhéal an AE chun aghaidh a thabhairt ar chosaint sonraí agus ar shaincheisteanna eile[11].

---

[11] Féach e.g. Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 381, 28.12.2006, lch. 4) agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

Fairis sin, dá mbeartófaí gníomh a bheadh le glacadh ag an gCoimisiún gan Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle, cinneadh ón gCoimisiún cuir i gcás, ní dhéanfaí ach aithris ar an *status quo* agus ní thabharfaí aghaidh ar na hábhair imní a chuir an MECS in iúl roimhe seo i ndáil le deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an saoránach.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Ó tharla gurb éigeantach do Bhallstáit IMI a úsáid faoin Treoir um Sheirbhísí agus de réir na dTreoracha a glacadh le deanaí maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm[12], is gá a áirithiú gur féidir le IMI leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar bhonn buan. Ar an ábhar sin, agus chun bainistiú níos éifeachtúla agus rialú níos fearr ar an mbuiséad a áirithiú, tá sé beartaithe go n-athaicmeofar an caiteachas a bhaineann le IMI trí na costais ar fad a thabhairt faoi aon líne buiséid arna bainistiú ag DG MARKT (12.02.01 Cur chun feidhme agus forbairt an Mhargaidh Inmheánaigh), mar atá mínithe sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

Níl tionchar ag an togra seo ar an mbuiséad thar a bhfuil foráil déanta maidir leis cheana i gcomhair na mblianta atá le teacht i gclárú oifigiúil an Choimisiúin agus tá an togra seo gan dochar do chinntí chreat airgeadais ilbhliantúil na mblianta tar éis 2013.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

- An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Ábhar a bhaineann leis an LEE atá sa ghníomh atá beartaithe agus, dá bhrí sin, ba cheart go gcuimseodh sé an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

- Míniú mionsonraithe ar an togra

*An bunús dlí a roghnú*

Is é príomhchuspóir an togra feabhas a chur ar na dálaí ina bhfeidhmíonn an margadh inmheánach trí uirlis a sholáthar a bheidh éifeachtach agus cairdiúil don úsáideoir agus lena n-éascófar cur chun feidhme praiticiúil na bhforálacha sin i ngníomhartha an Aontais lena gceanglaítear ar na Ballstáit comhoibriú le chéile agus leis an gCoimisiún agus faisnéis a mhalartú (lena n-áirítear, i go leor cásanna, sonraí pearsanta). Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh IMI go héifeachtúil, is gá comhrialacha áirithe a leagan síos a bhaineann lena rialú agus lena úsáid. Áirítear leis sin an oibleagáid aon chomhordaitheoir IMI náisiúnta amháin a cheapadh in aghaidh an Bhallstáit (Airteagal 7), an oibleagáid go bhfuil ar údaráis inniúla freagairt shásúil a thabhairt go tráthúil (Airteagal 8(1)) agus an fhoráil go bhféadfar faisnéis arna malartú trí IMI a úsáid chun fianaise a thabhairt ar an mbonn céanna le faisnéis dá samhail a fuarthas laistigh den Bhallstát céanna (Airteagal 8(2)).

---

[12] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88/45, 4.4.2011, lch. 45).

Ag an am céanna, ba cheart a áirithiú gurb ann d'ardleibhéal cosanta sonraí agus IMI á chur chun feidhme.

*Caibidil I (Forálacha ginearálta)*

Tá roinnt forálacha ann i ngníomhartha an Aontais lena gceanglaítear ar na Ballstáit comhoibriú le chéile agus leis an gCoimisiún trí fhaisnéis a mhalartú. Mar shampla, sa Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla, sainordaítear comhar riaracháin agus faisnéis áirithe, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú idir údaráis Ballstát. Ó 2008 i leith, tá comhaontú ann idir na Ballstáit IMI a úsáid le haghaidh comhair agus malartuithe den sórt sin i gcás líon gairmeacha, agus cuireadh leis an líon sin de réir a chéile d'fhonn gach gairm atá á rialáil a chumhdach. Sanntar oibleagáidí cúnaimh fhrithpháirtigh do na Ballstáit sa Treoir um Sheirbhísí, lena n-áirítear an oibleagáid faisnéis a sholáthar ar mhodh leictreonach (Airteagal 28(6)). I gCinneadh 2009/739/CE an 2 Deireadh Fómhair 2009 leagtar amach na socruithe praiticiúla chun faisnéis a mhalartú idir Ballstáit faoin Treoir um Sheirbhísí.

Ón 16 Bealtaine 2011 i leith, tá údaráis ar fud an AE a dhéileálann le hoibrithe atá ar phostú in ann faisnéis a mhalartú trí IMI ar bhonn píolótach[13]. Thairis sin, de thoradh na Treorach a glacadh le deanaí maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm, tá sé éigeantach IMI a úsáid chun faisnéis a mhalartú maidir le ceart cleachtais gairmithe leighis[14]. Tá tuilleadh réimsí ina bhféadfaí leas a bhaint as IMI liostaithe sa doiciméad a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le Straitéis IMI. Ina theannta sin, ba cheart sineirgíochtaí idir IMI agus uirlisí TF eile a úsáideann an Coimisiún a iniúchadh, lena n-áirítear i réimse réitithe fadhbanna.

Is é is aidhm d'fhorálacha Airteagail 1, 2 agus 3 cuspóir agus raon feidhme IMI a bhunú.

Is é is aidhm don sásra atáthar a bheartú chun IMI a leathnú chuig gníomhartha nua de chuid an Aontais (Airteagal 4) an tsolúbthacht is gá a sholáthar don am atá le teacht agus ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla agus trédhearcachta a áirithiú, go háirithe i gcomhair na ndaoine sin is ábhar do na sonraí. Chun na críche sin, tá na gníomhartha sin de chuid an Aontais ina n-úsáidtear IMI faoi láthair leagtha amach in Iarscríbhinn I. Ina theannta sin, tá réimsí a d'fhéadfaí IMI a leathnú amach chucu amach anseo liostaithe in Iarscríbhinn II. Tar éis measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht theicniúil, ar éifeachtúlacht costais, ar chairdiúlacht don úsáideoir agus ar an tionchar foriomlán ar an gcóras, chomh maith leis na torthaí ó chéim thástála a d'fhéadfaí a dhéanamh, más iomchuí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún an liosta de réimsí in Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin, trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh.

*Caibidil II (Feidhmeanna agus freagrachtaí maidir le IMI)*

Tá forálacha na caibidile seo sár-riachtanach ionas go bhfeidhmeoidh an córas go héifeachtúil (e.g. na róil faoi seach atá ag an gcomhordaitheoir IMI náisiúnta, in

---

13 Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1). Féach Conclúidí na Comhairle an 7 Márta 2001 freisin: http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/lsa/119621.pdf

14 Féach fonóta 12 thuas, Airteagal 10(4).

Airteagal 7, agus ag údaráis inniúla, in Airteagal 8). Go háirithe, níor cheart cead a bheith ag údaráis inniúla amhras a chur ar an luach mar fhianaise a bhaineann le doiciméad a fuarthas ó Bhallstát eile ar an aon fhoras amháin go bhfuarthas é trí IMI agus ba cheart dóibh caitheamh leis ar an tslí chéanna le doiciméid dá samhail de thionscnamh a mBallstáit féin. Léirítear sna forálacha freisin an tsolúbthacht a chuireann IMI ar fáil do na Ballstáit na róil éagsúla laistigh den chóras a leithdháileadh i gcomhréir lena struchtúr riaracháin náisiúnta féin.

Soiléirítear ról an Choimisiúin in Airteagal 9. I gcás na gcineálacha comhair riaracháin a chumhdaítear le IMI faoi láthair, ní bheidh i gceist lena ról ach slándáil, infhaighteacht, cothabháil agus forbairt na mbogearraí agus an bhonneagair TF le haghaidh IMI a áirithiú. D'fhéadfadh an Coimisiún páirt ghníomhach a ghlacadh freisin, ámh, i sreafaí oibre IMI, i gcás nósanna imeachta um fhógra mar shampla, ar bhonn forálacha dlíthiúla nó socruithe eile atá mar bhunús le húsáid IMI i réimse áirithe den mhargadh inmheánach.

Tá Airteagal 10 maidir le cearta rochtana an-tábhachtach chun cosaint éifeachtach a áirithiú i gcomhair na sonraí pearsanta a phróiseáiltear sa chóras. Go háirithe, sonraítear ann nach ceadmhach rochtain ar shonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI a bheith ag duine ar bith seachas na húsáideoirí IMI atá ag glacadh páirte sa nós imeachta i gceist.

*Caibidil III (Proiseáil sonraí agus slándáil)*

Beidh próiseáil sonraí pearsanta le IMI fós bunaithe ar shreafaí oibre, sraitheanna ceisteanna agus nósanna imeachta eile atá réamhshainithe (Airteagal 12). Tugann sé sin ráthaíocht bhreise do na daoine is ábhar do na sonraí go mbeidh trédhearcacht ann.

Níor cheart sonraí pearsanta a phróiseáiltear le IMI a bheith inrochtana ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá. Dá bhrí sin, tá sé den tábhacht uastréimhsí coinneála a bhunú, ar cheart na sonraí a bhlocáil nuair a bheidh deireadh leo, i.e. nach mbeidh rochtain ag úsáideoirí IMI ar na sonraí tríd an ngnáth-chomhéadan agus ansin iad a scriosadh ón gcóras go huathoibríoch cúig bliana tar éis nós imeachta um chomhar riaracháin a bheith dúnta (Airteagal 13). Is fearr an rogha sonraí a bhlocáil tar éis 18 mí (seachas iad a scriosadh láithreach) chun a áirithiú go mbeidh na daoine is ábhar do na sonraí in ann a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach, mar shampla trí fhianaise a fháil gur malartaíodh faisnéis trí IMI chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh a bunaíodh ar an malartú sin. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le rialú na Cúirte Breithiúnais i gCás C-553/07 *Rijkeboer* freisin.

Ba cheart go bhféadfaí sonraí pearsanta úsáideoirí IMI (e.g. fostaithe údarás náisiúnta a úsáideann IMI) a phróiseáil chun críoch a bhaineann le feidhmiú IMI, amhail comhordaitheoirí IMI agus an Coimisiún ag áirithiú go bhfeidhmíonn an córas i gceart nó chun faisnéis a bhaineann le comhar riaracháin sa mhargadh inmheánach a bhailiú i suirbhéanna (Airteagal 14).

Léiriú is ea Airteagal 15 go n-úsáidtear IMI cheana féin, faoin Treoir um Sheirbhísí agus faoin Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla, chun sonraí íogaire a mhalartú, lena n-áirítear e.g. faisnéis maidir le smachtbhannaí araíonachta nó coiriúla.

Tá sé den tábhacht a shoiléiriú gurb iad na rialacha atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 na rialacha slándála sonraí is infheidhme – ós rud é go ndéantar IMI a fhorbairt, a chothabháil agus a hóstáil go lárnach sa Choimisiún (Airteagal 16).

*Caibidil IV (Cearta daoine is ábhar do na sonraí agus maoirseacht)*

I bhfianaise líon na n-údarás inniúil a bhaineann úsáid as IMI (breis is 6000 faoi mhí an Mhárta 2011), chomh maith le líon na gcásanna agus na gcomhthéacsanna ar féidir IMI a úsáid iontu, ní féidir aon réiteach amháin a leagan síos sa Rialachán atá beartaithe a fheilfidh do gach cás ina mbeidh daoine is ábhar do na sonraí ag iarraidh a gcearta a fheidhmiú. Tá oibleagáidí na n-údarás inniúil cumhdaithe, i bprionsabal, leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint sonraí, agus cumhdaítear in Airteagal 15 agus Airteagal 16 saincheisteanna a bhaineann go sonrach le IMI (e.g. sonraí blocáilte), chomh maith le hoibleagáidí an Choimisiúin. Is gá trédhearcacht a áirithiú do na daoine is ábhar do na sonraí freisin aon uair a chuirfear teorainn le feidhmiú a gceart i gcomhthéacs IMI de bharr reachtaíochta náisiúnta (Airteagal 19).

Sna forálacha maidir le maoirseacht chomhordaithe, leantar an múnla a bunaíodh i Rialachán VIS agus i Rialachán SIS II[15] (Airteagal 20).

*Caibidil V (Raon feidhme geografach IMI)*

Ba cheart dóthain solúbthachta a sholáthar leis an ionstraim dlí le haghaidh IMI chun fónamh, ó thaobh úsáid an chórais de, d'fhorbairtí a thiocfaidh chun cinn amach anseo, lena n-áirítear go bhféadfadh tríú tíortha a bheith páirteach i malartú faisnéise i réimsí áirithe (Airteagal 22), nó go bhféadfadh tír an córas a úsáid i gcomhthéacs iomlán inmheánach (Airteagal 21), rud ar léirigh roinnt Ballstát spéis ann cheana. I ngach cás den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith i gcónaí ag na ráthaíochtaí ar chosaint ar shonraí pearsanta.

*Caibidil VI (Forálacha críochnaitheacha)*

Le go bhféadfar IMI a leathnú go gníomhartha eile de chuid an Aontais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún liosta na bhforálacha a chumhdaítear le IMI cheana a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I, agus tá forálacha breise ar áireamh in Iarscríbhinn II.

Gabhann an Coimisiún de láimh tuarascálacha a sholáthar go tráthrialta maidir le feidhmiú IMI, *inter alia* bunaithe ar fhaisnéis staidrimh arna haisghabháil ón gcóras agus arna soláthar ag Ballstáit arna iarraidh sin orthu, más iomchuí (Airteagal 26).

[15] Conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2010.

2011/0226 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI')**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[16],

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Chun gníomhartha áirithe de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm, ar gníomhartha iad lena rialaítear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil sa mhargadh inmheánach, ní mór do na Ballstáit comhoibriú le chéile agus faisnéis a mhalartú le chéile agus leis an gCoimisiún. Ó tharla gur minic nach sonraítear sna gníomhartha sin modhanna praiticiúla chun malartú faisnéise den chineál sin a chur chun feidhme, is gá socruithe praiticiúla iomchuí a dhéanamh.

(2) Is éard atá i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (dá ngairtear 'IMI' anseo feasta) bogearra feidhme a bhfuil fáil air tríd an idirlíon agus a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach i gcomhar leis na Ballstáit, chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na ceanglais maidir le malartú faisnéise atá leagtha síos i ngníomhartha an Aontais a chur chun feidhme go praiticiúil trí shásra cumarsáide láraithe a sholáthar chun malartú faisnéise thar theorainneacha agus cúnamh frithpháirteach a éascú. Go háirithe, cuidíonn IMI le húdaráis inniúla a gcontrapháirteanna i mBallstát eile a aithint, malartú na faisnéise, sonraí pearsanta san áireamh, a bhainistiú ar bhonn nósanna

[16] IO C , , lch. .

imeachta simplí agus aontaithe agus constaicí teanga a shárú de bharr sreafaí oibre atá réamhshainithe agus réamhaistrithe.

(3) Ba cheart a bheith ina chuspóir do IMI feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí uirlis éifeachtach chairdiúil a sholáthar chun comhar riaracháin idir na Ballstáit agus an Coimisiún a chur chun feidhme, agus sa dóigh sin cur i bhfeidhm gníomhartha de chuid an Aontais atá leagtha amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a éascú.

(4) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún[17] ‘Rialachas níos fearr ar an Margadh Aonair trí chomhar riaracháin níos fearr: Straitéis chun Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a leathnú agus a fhorbairt’ leagadh amach pleananna a d'fhéadfaí a úsáid dá mbeadh IMI le leathnú go gníomhartha eile de chuid an Aontais. Ina Theachtaireacht dar teideal 'Gníomh um an Margadh Aonair', leag an Coimisiún béim ar an tábhacht a bhaineann le IMI chun comhar a neartú i measc na ngníomhairí atá rannpháirteach sa mhargadh aonair, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil, agus sa dóigh sin cuirtear le rialachas níos fearr ar an margadh aonair[18]. Dá bhrí sin, is gá creat fónta dlí a bhunú le haghaidh IMI, maille le sraith comhrialacha chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas go héifeachtúil.

(5) I gcás ina gceanglófar le foráil i ngníomh de chuid an Aontais go malartóidh Ballstáit sonraí pearsanta agus ina ndéanfar foráil chun críche na próiseála sin, ba cheart a mheas gur leor í foráil den sórt sin mar bhunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil, faoi réir coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 8 agus in Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart breathnú ar IMI mar uirlis a úsáidtear go príomha chun faisnéis (lena n-airítear sonraí pearsanta) a mhalartú, ar faisnéis í a mhalartófaí ar mhodhanna eile i gcásanna eile, lena n-áirítear tríd an ngnáthphost, trí fhacs nó trí ríomhphost ar bhonn oibleagáide dlíthiúla arna forchur ar údaráis agus ar chomhlachtaí na mBallstát i ngníomhartha an Aontais.

(6) De réir phrionsabal an phríobháideachais d'aon ghnó *(privacy by design)* a urramú, tugadh aird, agus IMI á fhorbairt, ar cheanglais na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí agus urramaíodh cosaint sonraí ann ón gcéad lá riamh, go háirithe de bharr na srianta a chuirtear ar rochtain ar shonraí pearsanta a mhalartaítear sa chóras. Dá bhrí sin, baineann leibhéal cosanta agus slándála i bhfad níos airde le IMI i gcomparáid le modhanna eile chun faisnéis a mhalartú amhail an post, teileafón, facs nó ríomhphost.

(7) Ba cheart comhar riaracháin ar mhodh leictreonach idir Ballstáit agus idir Ballstáit agus an Coimisiún a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint atá leagtha síos i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[19] agus i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta

---

17 COIM(2011) 75.
18 COIM(2011) 206
19 IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[20].

(8) Chun trédhearcacht a áirithiú, go háirithe le haghaidh na ndaoine is ábhar do na sonraí, ba cheart na gníomhartha de chuid an Aontais a úsáidfear IMI ina leith a liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart réimsí a bhféadfaí leathnú amach chucu a leagan amach in Iarscríbhinn II. Is iomchuí sraith gníomhartha de chuid an Aontais a shainaithint in Iarscríbhinn II inar gá meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht theicniúil, ar an éifeachtúlacht costais, ar an gcairdiúlacht don úsáideoir agus ar thionchar foriomlán an chórais sula gcinnfear IMI a úsáid i gcomhair gníomhartha den sórt sin.

(9) Níor cheart do rud ar bith sa Rialachán seo cosc a chur ar na Ballstáit ná ar an gCoimisiún a chinneadh IMI a úsáid chun faisnéis a mhalartú nach mbaineann próiseáil sonraí pearsanta leis.

(10) Ba cheart na rialacha i dtaobh IMI a úsáid chun críche comhair riaracháin a leagan amach sa Rialachán seo, agus d'fhéadfaí a chumhdach faoin gcomhar riaracháin sin, *inter alia*, malartú faisnéise duine le duine, nósanna imeachta um fhógra, sásraí foláirimh, socruithe cúnaimh fhrithpháirtigh agus réiteach fadhbanna.

(11) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann feidhmeanna agus freagrachtaí i ndáil le IMI a chur in oiriúint dá struchtúir riaracháin inmheánacha nó riachtanais ar leith atá ag sreabhadh oibre sonrach IMI a chur san áireamh. Féadfaidh comhordaitheoir tarmligthe IMI amháin, nó níos mó, cúraimí comhordaitheoirí IMI a chur i gcrích, ina n-aonair nó i bpáirt le comhordaitheoirí eile, i gcomhair réimse ar leith den mhargadh inmheánach, i gcomhair roinne ar leith den riarachán, i gcomhair réigiúin gheografaigh, nó de réir critéir eile.

(12) Cé gur uirlis chumarsáide nach bhfuil ar fáil don phobal i gcoitinne ach d'údaráis phoiblí amháin é IMI go bunúsach, d'fhéadfadh sé gur ghá modhanna teicniúla a fhorbairt le go bhféadfadh gníomhairí seachtracha amhail saoránaigh, gnóthais agus eagraíochtaí caidreamh a dhéanamh leis na húdaráis phoiblí chun faisnéis a thabhairt agus chun sonraí a aisghabháil, nó chun a gcearta a fheidhmiú mar dhaoine is ábhar do na sonraí. Ba cheart coimircí iomchuí i gcomhair cosanta sonraí a bheith ar áireamh le modhanna teicniúla den sórt sin.

(13) Eascraíonn malartú faisnéise trí IMI ón oibleagáid dhlíthiúil atá ar údaráis na mBallstát cúnamh frithpháirteach a thabhairt. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is iomchuí, níor cheart an luach atá uirthi mar fhianaise in imeachtaí riaracháin a bhaint den fhaisnéis a fhaigheann údarás inniúil ó Bhallstát eile trí IMI ar an aon fhoras amháin gur de thionscnamh Ballstáit eile í nó go bhfuarthas ar mhodh leictreonach í, agus ba cheart don údarás caitheamh léi sa tslí chéanna le doiciméid dá samhail de thionscnamh a Ballstáit féin.

(14) Chun ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú, is gá uastréimhsí coinneála a bhunú i gcomhair sonraí pearsanta in IMI. Is gá go mbeadh na tréimhsí sin fada go leor, áfach, le go mbeidh na daoine is ábhar do na sonraí in ann a gcearta a fheidhmiú ina

[20] IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

n-iomláine, trí fhianaise a fháil gur malartaíodh sonraí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh mar shampla.

(15) Ba cheart go bhféadfaí ainm agus sonraí teagmhála úsáideoirí IMI a phróiseáil chun críocha a luíonn le cuspóirí an Rialacháin seo, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann comhordaitheoirí IMI agus an Coimisiún as an gcóras, tionscnaimh chumarsáide, oiliúna agus feasachta, agus faisnéis a bhailiú maidir le comhar riaracháin nó cúnamh frithpháirteach sa mhargadh inmheánach.

(16) Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a áirithiú go gcuirfear forálacha an Rialacháin seo i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh air sin, lena n-áirítear na forálacha ábhartha maidir le slándáil sonraí.

(17) Ba cheart na daoine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas i dtaobh phróiseáil a sonraí pearsanta in IMI agus go bhfuil ceart rochtana acu ar na sonraí a bhaineann leo, maille leis an gceart sonraí míchruinne a cheartú agus sonraí a próiseáladh go mídhleathach a scriosadh, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear Treoir 95/46/CE chun feidhme.

(18) Chun na nósanna imeachta um chomhar riaracháin a sholáthraítear in IMI a éascú, ba cheart sreafaí oibre, sraitheanna ceisteanna agus foirmeacha réamhshainithe arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún chun na críche sin a bheith ann, agus más iomchuí comhaid cheangailte agus ionchur téacs shaoir a bheith mar fhorlíonadh orthu. Chun a áirithiú go bhfuil dóthain trédhearcachta ann do na daoine is ábhar do na sonraí, ba cheart na sreafaí oibre agus foirmeacha réamhshainithe agus na socruithe eile a bhaineann le nósanna imeachta um chomhar riaracháin in IMI a phoibliú.

(19) I gcás ina gcuirfidh Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 95/46/CE, aon teorainneacha nó eisceachtaí le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, ba cheart faisnéis i dtaobh na dteorainneacha nó na n-eisceachtaí sin a phoibliú chun trédhearcacht iomlán a áirithiú do na daoine is ábhar do na sonraí. Ba cheart na heisceachtaí nó teorainneacha sin a bheith riachtanach agus comhréireach leis an gcuspóir atá beartaithe agus faoi réir coimircí leordhóthanacha.

(20) Ba cheart Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2007 maidir le cur chun feidhme Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) i dtaca le cosaint sonraí pearsanta a aisghairm[21]. Cinneadh 2009/739/CE ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar amach na socruithe praiticiúla chun faisnéis a mhalartú ar mhodhanna leictreonacha idir na Ballstáit faoi Chaibidil VI de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[22], ba cheart go leanfadh sé d'fheidhm a bheith aige maidir le saincheisteanna a bhaineann le faisnéis a mhalartú faoi Threoir 2006/123/CE maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[23].

(21) Ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh i ndáil le gníomhartha de chuid an Aontais, i measc na ngníomhartha sin atá liostaithe in Iarscríbhinn II, inar féidir

---

21 IO L 13, 16.1.2008, lch. 18.
22 IO L 263, 7.10.209, lch.32
23 IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

forálacha maidir le comhar riaracháin agus malartú faisnéise a chur chun feidhme trí IMI,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## Caibidil I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

### Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha i gcomhair úsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI' anseo feasta) le haghaidh comhair riaracháin, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta, idir údaráis inniúla sna Ballstáit agus an Coimisiún.

*Airteagal 2*

### Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a bhunú

Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a bhunaítear leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

### Raon feidhme

Úsáidfear IMI chun faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla sna Ballstáit agus an Coimisiún, ar faisnéis í a bhfuil gá léi chun gníomhartha a bhaineann leis an margadh inmheánach a chur chun feidhme agus lena ndéantar foráil maidir le comhar riaracháin, lena n-áirítear malartú sonraí pearsanta, idir Ballstáit nó idir Ballstáit agus an Coimisiún. Tá na gníomhartha a bhaineann leis an margadh inmheánach leagtha amach in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 4*

### IMI a fhorbairt

1. I gcás na ngníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go n-úsáidfear IMI, ag cur féidearthacht theicniúil, éifeachtúlacht costais, cairdiúlacht don úsáideoir agus an tionchair fhoriomláin ar an gcóras san áireamh. I gcásanna den sórt sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha sin a áireamh in Iarscríbhinn I de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23.

2. Féadfaidh céim thástála (treoirthionscadal), a mhairfidh ar feadh tréimhse teoranta agus a mbeidh roinnt Ballstát nó na Ballstáit ar fad páirteach inti, a bheith ann sula nglactar an gníomh tarmligthe.

*Airteagal 5*

## Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i dTreoir 95/46/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

Ina dteannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

(a) ciallóidh 'Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh' ('IMI') an uirlis leictreonach arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach chun comhar riaracháin idir údaráis náisiúnta agus an Coimisiún a éascú;

(b) ciallóidh 'comhar riaracháin' údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún ag obair i ndlúthchomhar le chéile, trí fhaisnéis a mhalartú, lena n-áirítear trí bhíthin fógraí, nó trí chúnamh frithpháirteach a thabhairt, lena n-áirítear cúnamh chun fadhbanna a réiteach, chun na críche dlí an Aontais a chur i bhfeidhm níos fearr;

(c) ciallóidh 'réimse den mhargadh inmheánach' réimse reachtach nó feidhme den mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 26(2) den Chonradh ina n-úsáidtear IMI i gcomhréir le hAirteagal 3 thuas;

(d) ciallóidh 'nós imeachta um chomhar riaracháin' sreabhadh oibre réamhshainithe a sholáthraítear in IMI lenar féidir le gníomhairí IMI cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh le chéile ar mhodh struchtúrtha;

(e) ciallóidh 'údarás inniúil' aon chomhlacht atá bunaithe ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a bhfuil freagrachtaí sonracha aige a bhaineann le dlí náisiúnta nó dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse amháin nó níos mó den mhargadh inmheánach agus a bhfuil a chlárúchán in IMI bailíochtaithe ag comhordaitheoir IMI;

(f) ciallóidh 'comhordaitheoir IMI' comhlacht arna cheapadh ag na Ballstáit chun cúraimí tacaíochta a dhéanamh a bhfuil gá leo ionas go bhfeidhmeoidh IMI go héifeachtúil i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(g) ciallóidh 'úsáideoir IMI' duine nádúrtha atá ag obair faoi rialú údaráis inniúil, rialú comhordaitheora IMI nó rialú an Choimisiúin agus atá cláraithe in IMI thar a gceann;

(h) ciallóidh 'gníomhairí IMI' na húdaráis inniúla, na comhordaitheoirí IMI agus an Coimisiún;

(i) ciallóidh 'gníomhairí seachtracha' daoine nádúrtha nó dlítheanacha cé is moite d'úsáideoirí IMI a fhéadfaidh IMI a úsáid ar mhodh teicniúil agus i gcomhréir le sreabhadh oibre réamhshainithe arna sholáthar chun na críche sin;

(j) ciallóidh 'blocáil' modh teicniúil a chur i bhfeidhm lena n-áiritheofar nach mbeidh rochtain ag úsáideoirí IMI ar shonraí pearsanta trí ghnáth-chomhéadan an fheidhmchláir.

## Caibidil II

## FEIDHMEANNA AGUS FREAGRACHTAÍ MAIDIR LE IMI

*Airteagal 6*

### Cuspóir ginearálta

Ní dhéanfaidh gníomhairí IMI sonraí pearsanta a aistriú ná a phróiseáil ach chun na gcríoch atá sainmhínithe sa bhunús dlí ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 7*

### Comhordaitheoirí IMI

1. Ceapfaidh gach Ballstát comhordaitheoir náisiúnta IMI amháin a mbeidh na cúraimí seo a leanas air:

(a) comhordaitheoirí IMI agus údaráis inniúla a chlárú nó a gclárúcháin a bhailíochtú;

(b) gníomhú mar an príomhphointe teagmhála le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le IMI agus gníomhú mar idirghabhálaí an Choimisiúin, i gcás gnéithe a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint freisin;

(c) eolas, oiliúint agus tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht theicniúil, a sholáthar d'údaráis inniúla agus úsáideoirí IMI;

(d) feidhmiú éifeachtúil an chórais a áirithiú, lena n-áirítear freagairtí tráthúla agus leordhóthanacha ó údaráis inniúla ar iarrataí ar chomhar riaracháin.

2. Sa bhreis air sin, féadfaidh gach Ballstát comhordaitheoir IMI amháin nó níos mó a cheapadh chun ceann amháin nó níos mó de na cúraimí thuas a dhéanamh, ag brath ar a struchtúr inmheánach riaracháin féin.

3. Cuirfidh na Ballstáit na comhordaitheoirí IMI arna gceapadh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 in iúl don Choimisiún, maille leis na cúraimí a bheidh orthu. Roinnfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin leis na Ballstáit eile.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag comhordaitheoirí IMI chun a ndualgais a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

5. Féadfaidh gach comhordaitheoir IMI feidhmiú mar údarás inniúil. Más amhlaidh an cás, beidh na cearta rochtana céanna ag comhordaitheoir IMI agus atá ag údarás inniúil. Ina cháil mar ghníomhaire IMI, déanfaidh gach comhordaitheoir IMI rialú ar a ghníomhaíochtaí próiseála sonraí féin.

*Airteagal 8*

**Údaráis inniúla**

1. I gcás comhair trí IMI, áiritheoidh na húdaráis inniúla go dtabharfar freagairt shásúil laistigh den tréimhse is giorra is féidir nó faoin spriocdháta arna leagan síos leis an ngníomh is infheidhme de chuid an Aontais, ag gníomhú dóibh trí úsáideoirí IMI i gcomhréir le nósanna imeachta um chomhar riaracháin.

2. Féadfaidh údaráis inniúla aon fhaisnéis, doiciméid, torthaí, ráitis, fíorchóipeanna deimhnithe nó eolas a cuireadh in iúl trí IMI a úsáid mar fhianaise ar an mbonn céanna le doiciméid dá samhail a fuarthas ina dtír féin, chun críocha atá ag luí leis na críocha lenar bailíodh na sonraí an chéad uair riamh.

3. Déanfaidh gach údarás inniúil rialú ar a ghníomhaíochtaí próiseála sonraí féin a fheidhmeoidh úsáideoir IMI atá faoina údarás, agus áiritheoidh sé gur féidir leis na daoine is ábhar do na sonraí a gcearta a fheidhmiú i gcomhréir le Caibidil III agus Caibidil IV, nuair is iomchuí.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis inniúla chun a ndualgais a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 9*

**An Coimisiún**

1. Áiritheoidh an Coimisiún slándáil, infhaighteacht, cothabháil agus forbairt na mbogearraí agus an bhonneagair TF le haghaidh IMI. Soláthróidh sé córas ilteangach, oiliúint i gcomhar leis na Ballstáit agus deasc chabhrach chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit IMI a úsáid.

2. Féadfaidh an Coimisiún bheith rannpháirteach i nósanna imeachta um chomhar riaracháin ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil, nuair a cheanglaítear amhlaidh leis an ngníomh de chuid an Aontais atá liostaithe in Iarscríbhinn I.

3. Cláróidh an Coimisiún na comhordaitheoirí náisiúnta IMI agus tabharfaidh sé rochtain ar IMI dóibh.

4. Cuirfidh an Coimisiún oibríochtaí próiseála i bhfeidhm ar shonraí pearsanta in IMI, i gcás ina bhfuil foráil déanta dó sin sa Rialachán seo.

5. Chun a chúraimí a fheidhmiú faoin Airteagal seo agus chun tuarascálacha agus staidreamh a sholáthar, beidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis riachtanach a bhaineann leis na hoibríochtaí próiseála arna bhfeidhmiú in IMI.

*Airteagal 10*

**Cearta rochtana ag gníomhairí agus ag úsáideoirí IMI**

1. Ní bheidh rochtain ar IMI ach ag úsáideoirí IMI atá ag gníomhú ar son ghníomhaire IMI agus arna gcuí-údarú ag gníomhaire IMI.

2. Ainmneoidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, comhordaitheoirí IMI agus údaráis inniúla agus na réimsí den mhargadh inmheánach ina bhfuil inniúlacht acu.

3. Déanfaidh gach gníomhaire IMI na cearta rochtana iomchuí a dheonú agus a chúlghairm, de réir mar is gá, i leith úsáideoirí IMI sa réimse den mhargadh inmheánach ina bhfuil inniúlacht aige.

4. Cuirfear modhanna teicniúla iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí IMI rochtain a fháil ar shonraí pearsanta arna bpróiseáil san IMI ar bhonn riachtanais amháin, agus laistigh den réimse nó de na réimsí den mhargadh inmheánach inar deonaíodh cearta rochtana dóibh i gcomhréir le mír 3.

5. Cuirfear cosc le húsáid sonraí pearsanta a ndéantar próiseáil orthu trí IMI ar mhaithe le cuspóir sonrach agus ar bhealach nach bhfuil ag luí leis an gcuspóir bunaidh sin, ach amháin má dhéantar foráil shainráite maidir leis sin sa dlí.

6. I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta mar chuid de nós imeachta um chomhar riaracháin, ní bheidh rochtain ach ag na húsáideoirí IMI atá rannpháirteach sa nós imeachta sin ar na sonraí pearsanta sin.

7. Féadfaidh gníomhairí seachtracha IMI a úsáid leis na modhanna teicniúla dá bhforáiltear chun na críche sin chun comhar riaracháin idir údaráis inniúla sna Ballstáit a éascú nuair is gá, nó chun a gcearta mar dhaoine is ábhar do na sonraí a fheidhmiú, nó nuair a fhoráiltear a mhalairt le gníomh de chuid an Aontais.

*Airteagal 11*

**Rúndacht**

1. Cuirfidh gach Ballstát a rialacha maidir le rúndacht ghairmiúil nó dualgais choibhéiseacha rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena ngníomhairí IMI agus lena n-úsáideoirí IMI, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

2. Áiritheoidh gníomhairí IMI go gcomhlíonfaidh úsáideoirí IMI atá ag obair faoina n-údarás iarrataí ó ghníomhairí IMI eile go ndéileálfar leis an bhfaisnéis a aistrítear trí IMI ar bhealach rúnda.

*Airteagal 12*

**Nósanna imeachta um chomhar riaracháin**

Beidh IMI bunaithe ar nósanna imeachta um chomhar riaracháin arna bhforbairt agus arna dtabhairt chun dáta chun na críche sin ag an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

## Caibidil III

## PRÓISEÁIL SONRAÍ AGUS SLÁNDÁIL

*Airteagal 13*

### Sonraí pearsanta a choinneáil

1. Déanfar sonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI a bhlocáil ocht mí dhéag ar a dhéanaí tar éis nós imeachta um chomhar riaracháin a dhúnadh go foirmiúil, ach amháin má iarrann údarás inniúil go sonrach an bhlocáil a dhéanamh roimh an tréimhse sin, de réir an cháis.

2. I gcás ina mbunaítear stór faisnéise le nós imeachta um chomhar riaracháin in IMI, ar stór é a mbeidh gníomhairí IMI in ann tarraingt air amach anseo, féadfar próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta atá sa stór sin a fhad agus is gá chun na críche sin, le toiliú an duine is ábhar do na sonraí nó, nuair is gá, chun gníomh de chuid an Aontais a chomhlíonadh.

3. Ní dhéanfar sonraí pearsanta arna mblocáil de bhun an Airteagail seo, gan stóráil na sonraí a áireamh, a phróiseáil ach chun críocha cruthúnais i dtaobh malartú faisnéise trí IMI, nó le toiliú an duine is ábhar do na sonraí.

4. Déanfar na sonraí blocáilte a scriosadh go huathoibríoch, cúig bliana tar éis an nós imeachta um chomhar riaracháin a dhúnadh.

5. Déanfaidh an Coimisiún a áirithiú, trí mhodhanna teicniúla, go mblocálfar agus go scriosfar na sonraí pearsanta agus go n-aisghabhfar iad i gcomhréir le mír 3.

*Airteagal 14*

### Sonraí pearsanta úsáideoirí IMI a choinneáil

1. De mhaolú ar Airteagal 13, beidh feidhm ag mír 2 agus mír 3 maidir le sonraí pearsanta úsáideoirí IMI a choinneáil.

2. Déanfar sonraí pearsanta a bhaineann le húsáideoirí IMI a stóráil in IMI chomh fada agus a leanann siad de bheith ina n-úsáideoirí IMI, agus féadfar na sonraí a phróiseáil chun críocha atá ag teacht le cuspóirí an Rialacháin seo.

   Áireofar sna sonraí pearsanta sin ainm iomlán an úsáideora agus na sonraí teagmhála leictreonacha agus eile is gá chun críocha an Rialacháin seo.

3. Nuair a scoireann duine nádúrtha de bheith ina úsáideoir IMI, déanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a bhlocáil ar mhodhanna teicniúla ar feadh tréimhse cúig bliana. Ní phróiseálfar iad, gan stóráil na sonraí a áireamh, ach chun críocha cruthúnais i dtaobh malartú faisnéise trí IMI, agus scriosfar iad ag deireadh na tréimhse cúig bliana.

*Airteagal 15*

**Catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil**

1. Ní cheadófar próiseáil le IMI ar chatagóirí speisialta sonraí dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Threoir 95/46/CE agus in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ach ar bhonn forais speisialta atá luaite in Airteagal 8(2) den Treoir agus in Airteagal 10(2) den Rialachán agus le coimircí iomchuí chun cearta daoine aonair a ndéantar próiseáil ar a sonraí pearsanta a áirithiú.

2. Féadfar IMI a úsáid chun sonraí a bhaineann leis na cionta, na ciontuithe coiriúla nó na bearta slándála dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Threoir 95/46/CE agus in Airteagal 10(5) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a phróiseáil, lena n-áirítear faisnéis maidir le smachtbhannaí araíonachta, riaracháin nó coiriúla nó faisnéis eile is gá le dea-cháil duine aonair nó duine dhlítheanaigh a bhunú, i gcás ina ndéantar foráil maidir le próiseáil na sonraí sin i ngníomh de chuid an Aontais arb é is bunús leis an bpróiseáil, nó le toiliú sainráite an duine is ábhar do na sonraí, faoi réir na gcoimircí sonracha iomchuí.

*Airteagal 16*

**Slándáil**

1. Comhlíonfaidh próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo na rialacha maidir le slándáil sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún faoi bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

2. Cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na bearta is gá chun slándáil na sonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI a áirithiú, lena n-áirítear rialú iomchuí ar rochtain ar shonraí agus plean slándála a choinneofar chun dáta.

3. I gcás teagmhais slándála, áiritheoidh an Coimisiún gur féidir na sonraí pearsanta sin a próiseáladh in IMI a fhíorú, maille le cathain a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil agus cad chuige a ndearnadh an phróiseáil sin.

**Caibidil IV**

**CEARTA DAOINE IS ÁBHAR DO NA SONRAÍ AGUS MAOIRSEACHT**

*Airteagal 17*

**Faisnéis le haghaidh na ndaoine is ábhar do na sonraí agus trédhearcacht**

1. Áiritheoidh gníomhairí IMI go gcuirfear daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoin bpróiseáil a dhéantar ar a sonraí pearsanta in IMI agus go mbeidh rochtain acu ar fhógra príobháideachais ina mínítear a gcearta agus cén chaoi na cearta sin a fheidhmiú, i gcomhréir le hAirteagal 10 nó le hAirteagal 11 de Threoir 1995/46/CE agus leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gcomhréir leis an Treoir sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a chur ar fáil go poiblí:

(a) fógra cuimsitheach príobháideachais a bhaineann le IMI i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, agus atá leagtha amach ar bhealach soiléir agus intuigthe;

(b) faisnéis faoi ghnéithe cosanta sonraí na nósanna imeachta um chomhar riaracháin in IMI dá dtagraítear in Airteagal 12;

(c) faisnéis faoi eisceachtaí ó chearta nó faoi theorainneacha le cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 19.

*Airteagal 18*

**Ceart ar rochtain, ar cheartú agus ar scrios**

1. Áiritheoidh gníomhairí IMI gur féidir leis an duine is ábhar do na sonraí an ceart rochtana ar shonraí a bhaineann leis a fheidhmiú go héifeachtúil, mar aon leis an gceart sonraí atá míchruinn nó neamhiomlán a cheartú agus an ceart sonraí a phróiseáiltear go mídhleathach a scriosadh, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Déanfaidh an gníomhaire IMI a mbeidh an fhreagracht sin air an ceartú agus an scrios laistigh de 60 lá.

2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta arna mblocáil de bhun Airteagal 13(1) a réiteach ná a scriosadh ach amháin más féidir a léiriú go soiléir go bhfuil gá leis an réiteach nó leis an scrios sin chun cearta an duine is ábhar do na sonraí a chosaint agus nach mbaintear dá luach mar chruthúnas i dtaobh malartú faisnéise trí IMI.

3. I gcás ina gceistíonn an duine is ábhar do na sonraí cruinneas nó dleathacht na sonraí arna mblocáil de bhun Airteagal 13(1), déanfar an méid sin a thaifeadadh mar aon leis an bhfaisnéis chruinn atá ceartaithe.

*Airteagal 19*

**Eisceachtaí agus teorainneacha**

I gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir le heisceachtaí ó chearta nó teorainneacha le cearta daoine is ábhar do na sonraí arna leagan amach sa Chaibidil seo sa reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 95/46/CE, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin.

*Airteagal 20*

**Maoirseacht**

1. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta maoirseachta nó údaráis arna n-ainmniú i ngach Ballstát agus dá dtugtar na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir 95/46/CE ('an tÚdarás Náisiúnta Maoirseachta') faireachán ar a dhleathaí atá sé na húdaráis inniúla a bheith ag próiseáil sonraí pearsanta laistigh dá gcríoch, agus áiritheoidh sé nó siad, go háirithe, go n-urramaítear cearta na ndaoine is ábhar do na sonraí mar atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

2. Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go ndéanfar gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta an Choimisiúin, ina cháil mar ghníomhaire IMI, i gcomhréir leis an Rialachán seo. Beidh feidhm ag na dualgais agus ag na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 46 agus in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 dá réir.

3. Áiritheoidh na hÚdaráis Náisiúnta Mhaoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí féin, go ndéanfar maoirseacht chomhordaithe ar an gcóras IMI agus ar an úsáid a bhaineann údaráis inniúla sna Ballstáit as an gcóras sin. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí cuireadh a thabhairt do na hÚdaráis Náisiúnta Mhaoirseachta teacht le chéile chun na críche sin nuair is gá. Is ar chuntas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a bheidh costais na gcruinnithe sin. Féadfar tuilleadh modhanna oibre, lena n-áirítear rialacha nós imeachta, a fhorbairt i gcomhpháirt chun na críche sin de réir mar is gá. Seolfar comhthuarascáil ar ghníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún gach trí bliana ar a laghad.

## Caibidil V

## RAON FEIDHME GEOGRAFACH IMI

*Airteagal 21*

### Úsáid náisiúnta IMI

1. Féadfaidh Ballstát IMI a úsáid chun críche comhair riaracháin idir údaráis inniúla laistigh dá chríoch féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar choinníoll:

(a) nach n-éilítear athruithe substaintiúla ar na nósanna imeachta um chomhar riaracháin atá ann cheana; agus

(b) go bhfuil fógra faoin úsáid atá beartaithe a bhaint as IMI curtha faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Mhaoirseachta; agus

(c) nach bhfuil tionchar suntasach aige ar fheidhmiú éifeachtúil IMI.

2. Nuair is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag úsáid náisiúnta IMI ar fheidhmiú éifeachúil IMI, tabharfaidh an Ballstát fógra faoin úsáid sin don Choimisiún agus déanfaidh sé formheas a lorg uaidh roimh ré. Nuair is gá, cuirfear comhaontú ina leagtar amach *inter alia* na socruithe teicniúla, airgeadais agus eagrúcháin, lena n-áirítear freagrachtaí ghníomhairí IMI, i gcrích idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

*Airteagal 22*

### Malartú faisnéise le tríú tíortha

1. Ní féidir sonraí pearsanta a mhalartú in IMI de bhun an Rialacháin seo idir gníomhairí IMI laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha ach i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bpróiseáiltear na sonraí de bhun forála atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus de bhun forála coibhéisí i ndlí an tríú tír;

(b) go ndéantar na sonraí a mhalartú nó a chur ar fáil i gcomhréir le comhaontú idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le cur i bhfeidhm forála atá liostaithe ag an tríú tír in Iarscríbhinn I; agus

(c) go bhfuil glactha ag an gCoimisiún le cinneadh ina gcinntear go n-áirithíonn an tríú tír i dtrácht cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE, nó go bhfuil feidhm ag foráil Airteagal 26 de Threoir 95/46/CE, lena n-áirítear coimircí leordhóthanacha nach n-úsáidfear na sonraí arna bpróiseáil in IMI ach chun na críche sin lenar malartaíodh iad ar an gcéad dul síos.

2. Nuair is gníomhaire IMI é an Coimisiún, beidh feidhm ag Airteagal 9(1) agus Airteagal 9(7) de Rialachán Uimh. 45/2001 maidir le malartú aon sonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI le gníomhairí IMI atá i dtríú tír.

3. Foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* liosta chun dáta de na tríú tíortha a mbaineann na malartuithe faisnéise a dhéantar i gcomhréir leis an Airteagal seo leo.

## Caibidil VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 23*

### An tarmligean a fheidhmiú

1. Tabharfar don Choimisiún, ar feadh tréimhse éiginnte ama, na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4 a ghlacadh.

2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

3. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 24 agus Airteagal 25 a thugtar na cumhachtaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

*Airteagal 24*

### An tarmligean a chúlghairm

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3 a chúlghairm.

2. An institiúid a chuir tús le nós imeachta inmheánach chun a chinneadh an gcúlghairfear tarmligean na gcumhachtaí, cuirfidh sí an reachtóir eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi, aon mhí amháin ar a dhéanaí sula nglacfar an cinneadh deireanach, agus sonróidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna leis an gcúlghairm sin.

3. Má chinntear cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis láithreach nó ag dáta níos déanaí a bheidh sonraithe ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 25*

**Agóidí i gcoinne gníomhartha tarmligthe**

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe laistigh de dhá mhí tar éis an dáta a fhaightear fógra. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, cuirfear síneadh mí amháin leis an tréimhse sin.

2. Más rud é, ar dhul in éag na tréimhse sin, nach ndearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe nó, más rud é gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl don Choimisiún roimh an dáta sin go bhfuil sé beartaithe acu gan agóid a dhéanamh, tiocfaidh an gníomh tarmligthe i bhfeidhm ar an dáta atá leagtha síos i bhforálacha an ghnímh.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanann agóid na cúiseanna leis an agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

*Airteagal 26*

**Faireachán agus tuairisciú**

1. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú IMI do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Gach trí bliana, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar ghnéithe a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta in IMI, lena n-áirítear slándáil sonraí, a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

3. Chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a sholáthar, cuirfidh an Ballstát aon fhaisnéis is ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar fáil don Choimisiún, ar iarraidh a fháil uaidh, lena n-áirítear faisnéis ar an gcaoi a gcuirtear na ceanglais um chosaint sonraí atá leagtha síos sa Rialachán seo i bhfeidhm sa chleachtas.

*Airteagal 27*

**Costais**

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a bheidh na costais arna dtabhú i dtaobh fhorbairt, fheidhmiú agus chothabháil IMI, gan dochar do na socruithe faoi Airteagal 21(2).

2. Ach amháin má luaitear a mhalairt i ngníomh de chuid an Aontais, is ar na Ballstáit a bheidh na costais a bhaineann le hoibríochtaí IMI ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear na hacmhainní daonna atá de dhíth le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna, cur chun cinn agus cúnaimh theicniúil (deasc chabhrach), mar aon leis na costais a bhaineann leis an gcóras a riar ar leibhéal na mBallstát.

*Airteagal 28*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an […] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh [...],

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

**Iarscríbhinn I dá dtagraítear in Airteagal 3 ina liostaítear na forálacha maidir le comhar riaracháin a chuirtear chun feidhme trí IMI**

1. Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach: Caibidil VI

2. Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint: Airteagail 8, 50, 51 agus 56

3. Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm: Airteagal 10[24]

---

[24] IO L 88, 4.4.2011, lch. 45

**Iarscríbhinn II dá dtagraítear in Airteagal 4 maidir le réimsí ina bhféadfaí forálacha maidir le comhar riaracháin a chur chun feidhme trí IMI**

**I. Margadh inmheánach agus saorghluaiseacht earraí**

(1) Moladh ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2001 maidir le prionsabail chun 'SOLVIT' – Líonra um Réiteach Fadhbanna sa Mhargadh Inmheánach – a úsáid : Caibidil I agus Caibidil II[25]

**II. Saoirse chun seirbhísí a bhunú agus a sholáthar**

(1) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach: Airteagal 15(7) agus Airteagal 39(5)

(2) Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar: Airteagal 4[26]

(3) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir um thrádáil leictreonach'): Airteagal 3[27]

*[4. Togra le haghaidh TREORACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 89/666/CEE, 2005/56/CE agus 2009/101/CE maidir le hidirnasc idir cláir lárnacha, cláir thráchtála agus cláir chuideachtaí (COD/2011/0038)]*

**III. Saorghluaiseacht daoine**

(1) Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm: Airteagal 6

**IV. Saoirse i dtaobh caipitil agus íocaíochtaí**

*[1. Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE* maidir le hiompar trasteorann gairmiúil airgid thirim in euro de bhóthar idir na Ballstáit i limistéar an euro *(COD/2010/0204)]*

[25] IO L 331, 15.12.2001, lch. 79.
[26] IO L 18, 21.1.1997, lch. 1.
[27] IO L 178, 17.7.2000, lch. 1.

# <u>**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ**</u>

[gabhann an fhoirm seo le gach aon togra nó tionscnamh a thíolactar don údarás reachtach

(Airteagal 28 den Rialachán Airgeadais agus Airteagal 22 de na rialacha cur chun feidhme)]

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán (CE) Uimh. xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (‘Rialachán IMI’)

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[28]

An Margadh Inmheánach – Seirbhísí

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☑Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

### *1.4. Cuspóirí*

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Ina Theachtaireacht ‘Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inmharthana agus uileghabhálach' (COIM(2010) 2020), mhol an Coimisiún dul i ngleic le bacainní sa mhargadh aonair trí, *inter alia* ‘struchtúir a neartú chun bearta an mhargaidh aonair a chur chun feidhme go tráthúil agus go cuí, lena n-áirítear [...] an Treoir um Sheirbhísí [...], na bearta sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus aon fhadhb a thagann chun cinn a réiteach go tapa’.

Is uirlis cumarsáide ar líne é Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) a d’fhorbair an Coimisiún Eorpach, agus tá sé á chur ar fáil mar sheirbhís saor in aisce ó 2008 i leith. Baintear úsáid as faoi láthair chun faisnéis a mhalartú de bhun Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[29] ('an Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla’) agus Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[30] (‘an Treoir um Sheirbhísí').

Tugann IMI deis d’údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla cumarsáid a dhéanamh go tapa agus go héasca lena macasamhlacha thar theorainneacha, agus modhanna oibre aonfhoirmeacha arna gcomhaontú ag na Ballstáit ar fad á leanúint acu. Tugann IMI cúnamh dá úsáideoirí (i) an t-údarás ar ceart dul i dteagmháil leis a aimsiú, (ii) cumarsáid a dhéanamh leis an údarás sin le ceisteanna agus freagraí a ndearnadh aistriúchán orthu roimh ré agus (iii) dul chun cinn na hiarrata faisnéise a leanúint trí mheicníocht rianaithe. Mar shampla, féadfaidh údarás atá in Éirinn a bhfuil faisnéis ag teastáil uaidh ó chomhlacht san Ungáir ceist a roghnú i

---

28 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí

29 IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.

30 IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

mBéarla. Feiceann an t-údarás Ungárach an cheist agus na freagraí is féidir a roghnú in Ungáiris; gheofar an freagra i mBéarla.

De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún 'I dtreo Gnímh um an Margadh Aonair', is mór an tábhacht a bhaineann le IMI a leathnú chuig earnálacha eile 'chun líonra dílis leictreonach duine le duine a chruthú le haghaidh údaráis na hEorpa', d'fhonn rialachas níos fearr ar an margadh aonair a chur chun cinn[31]. Ina Theachtaireacht dar teideal 'Gníomh um an Margadh Aonair', leag an Coimisiún béim ar an tábhacht a bhaineann le IMI chun comhar a neartú i measc na ngníomhairí atá rannpháirteach sa mhargadh aonair, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil, agus sa dóigh sin cuirtear le rialachas níos fearr ar an margadh aonair[32].

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir sonrach Uimh. 12: Cumas iomlán Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) a fhorbairt chun tacú le cur chun feidhme feabhsaithe reachtaíocht an mhargaidh aonair.

Tá úsáid IMI éigeantach faoin Treoir um Sheirbhísí.

Leagann an Coimisiún amach pleananna chun IMI a leathnú chuig réimsí eile de dhlí an Aontais amach anseo ina Theachtaireacht "Rialachas níos fearr ar an Margadh Aonair trí chomhar riaracháin níos fearr: Straitéis chun Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a leathnú agus a fhorbairt" (COIM(2011) 75 críochnaitheach) ('Teachtaireacht maidir le Straitéis IMI').

Is iad seo a leanas cuspóirí an togra seo:

- creat fónta dlí a bhunú le haghaidh IMI, maille le sraith comhrialacha chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtúil;

- creat cuimsitheach um chosaint sonraí a sholáthar trí na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a bhfuil feidhm acu maidir le IMI a leagan amach in aon ionstraim chothrománach dlí amháin;

- leathnú féideartha IMI chuig réimsí nua de dhlí an Aontais amach anseo a éascú;

- róil na ngníomhairí éagsúla a bhfuil baint acu leis an gcóras IMI a shoiléiriú.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, leanfaimid leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Cothabháil, i.e. cliseadh a chosc agus a réiteach, mionfheabhsuithe ar fheidhmiúlachtaí atá ann cheana, leanúnachas a áirithiú in oibríocht an chórais;

2. Bonneagar an chórais a óstáil;

[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún 'I dTreo Gnímh um an Margadh Aonair. Le haghaidh geilleagair shóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar. 50 togra chun ár gcuid oibre, ár ngnó agus ár gcaidreamh lena chéile a fheabhsú', COIM(2010) 608 críochnaitheach, togra Uimh. 45 ar lch. 31.

[32] Féach fonóta 6 thuas.

3. Forbairt, i.e. ceanglais nua córais a chur chun feidhme; agus

4. Gníomhaíochtaí cumarsáide agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta, lena n-áirítear comhdhálacha, seisiúin oiliúna agus ábhar fógraíochta agus oiliúna a ullmhú.

<u>Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann</u>

12/03 4: Margadh Inmheánach le haghaidh Seirbhísí

De réir mar a leathnóidh an córas chuig réimsí eile de dhlí an Aontais, féadfaidh gníomhaíochtaí ABM/ABB eile a bheith bainteach leis.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe*

1. Leibhéal ard deimhneachta dlíthiúla i ndáil le sonraí pearsanta shaoránaigh an AE a phróiseáil trí IMI, agus ar an mbealach sin constaicí dlíthiúla le leathnú IMI chuig réimsí eile de dhlí an Aontais a bhaint;

2. Creat solúbtha chun leathnú féideartha IMI chuig réimsí nua de dhlí an Aontais amach anseo a éascú;

3. Róil agus oibleagáidí an Choimisiúin, na mBallstát, na n-údarás náisiúnta agus an Mhaoirseora Eorpaigh um Chosaint Sonraí a shoiléiriú i ndáil le malartuithe faisnéise trí IMI;

4. Sábháil chostais trí uirlis TF atá ann cheana a athúsáid i réimsí nua seachas uirlisí nua aonchuspóra a fhorbairt;

5. Inmharthanacht mhaoiniú IMI amach anseo a áirithiú, i bhfianaise a stádas éigeantach faoin Treoir um Sheirbhísí agus an leathnaithe a d’fhéadfadh teacht air amach anseo, i gcomhréir le Teachtaireacht maidir le Straitéis IMI.

*1.4.4. Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh*

Beidh an togra seo ina chúnamh chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí i réimsí ina n-úsáidtear IMI agus beidh sé ina chúnamh chun na costais a bhaineann le forbairt agus cothabháil TF a shábháil.

D’fhéadfaí tionchar díreach an togra a thomhas leis na táscairí seo a leanas:

- líon na réimsí reachtacha arna gcumhdach le IMI (méadú i gcomparáid leis an dá réimse a bhí ann in 2011);

- líon na malartuithe faisnéise a tharlaíonn trí IMI ar bhonn bliantúil;

- líon na n-údarás inniúil a bhaineann úsáid ghníomhach as an gcóras (i.e. ní amháin gur úsáideoirí cláraithe iad);

- an tsábháil chostais a mheastar de réir gach réimse beartais a chuirtear leis.

### *1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh*

*1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Soláthróidh an togra seo leibhéal ard deimhneachta dlíthiúla i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil in IMI, i gcomhréir le moltaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. San fhadtéarma, éascóidh sé leathnú féideartha IMI chuig réimsí nua de dhlí an Aontais amach anseo trí chreat solúbtha a sholáthar don leathnú sin.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

I bhfianaise an nádúir atá in IMI mar uirlis láraithe cumarsáide arna forbairt agus arna hóstáil ag an gCoimisiún, ní mór sraith comhrialacha a bhunú is infheidhme maidir leis an gcóras, agus iad a chur chun feidhme ar bhealach láraithe. Cuireann an Coimisiún IMI ar fáil mar sheirbhís saor in aisce do na Ballstáit; cuirtear seirbhísí cothabhála agus forbartha ar fáil mar aon le deasc chabhrach, agus déantar an bonneagar ríomhaireachta a óstáil. Ní fhéadfaí na cúraimí sin a dhéanamh ar bhealach díláraithe.

Éiríonn le IMI bacainní ar chomhar trasteorann, amhail constaicí teanga, a shárú mar aon le fadhbanna a eascraíonn as cultúir éagsúla riaracháin agus oibre agus as an easpa nósanna imeachta atá seanbhunaithe le haghaidh malartú faisnéise. Toisc baint a bheith ag na Ballstáit le dearadh an chórais, is ionann na modhanna oibre atá i ngach Ballstát faoi IMI, coinníoll arna chomhaontú ag na Ballstáit ar fad.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Seoladh IMI in 2008. Faoi láthair, tá os cionn 5 700 údarás inniúil agus 11 000 úsáideoir cláraithe sa chóras. Rinneadh isteach is amach le 2 000 malartú faisnéise in 2010.

Ó thaobh an dlí de, feidhmíonn IMI ar bhonn cinnidh ón gCoimisiún, ar bhonn cinnidh “coisteolaíochta”, agus ar bhonn molta ón gCoimisiún[33]. Toisc nárbh ann d'ionstraim aonair dlí arna glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, measadh nach bhféadfaí é a leathnú a thuilleadh.

Ba faoi chlár IDABC (Ríomhsheirbhísí Rialtais uile-Eorpacha a chur ar fáil go hidiroibritheach do chórais riaracháin phoiblí, do ghnóthais agus do shaoránaigh) a maoiníodh costas forbartha IMI ag an tús, go dtí gur cuireadh deireadh leis an gclár sin in 2009. Go dtí mí Iúil 2010, is ar DG MARKT a bhí na costais maidir le cothabháil, tacaíocht dara líne, riarachán an chórais, óstáil, oiliúint, cumarsáid agus ardú feasachta. I mí Iúil 2010, thoiligh

[33] Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2007 maidir le cur chun feidhme Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) i dtaca le cosaint sonraí pearsanta (IO L 13, 16.1.2008, lch. 18), Cinneadh 2009/739/CE ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar amach na socruithe praiticiúla chun faisnéis a mhalartú ar mhodhanna leictreonacha idir na Ballstáit faoi Chaibidil VI de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 263, 7.10.2009, lch. 32), Moladh ón gCoimisiún an 26 Márta 2009 maidir le treoirlínte le haghaidh cosanta sonraí do Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) (IO L 100, 18.4.2009, lch.12).

clár an ISA (Réitigh Idiroibritheachta do Lucht Riaracháin Phoiblí) (2010-2015)[34] IMI a mhaoiniú, agus mhaoinigh siad oibriú agus feabhsú a fheidhmithe in 2010. Táthar ag súil go leanfaidh clár an ISA ag tabhairt maoiniú do IMI go dtí 2012 ar a laghad. Ar DGT MARKT atá costas na hóstála, na hoiliúna, na cumarsáide agus an ardaithe feasachta i gcónaí.

Ós rud é go bhfuil úsáid an chórais éigeantach faoin Treoir um Sheirbhísí agus i bhfianaise na bpleananna chun IMI a leathnú chuig réimsí nua de dhlí an Aontais amach anseo, beidh gá gnéithe maoinithe a shoiléiriú agus le maoiniú seasmhach agus inbhuanaithe tar éis 2012 a áirithiú.

*1.5.4. Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Leagadh amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Rialachas níos fearr ar an Margadh Aonair trí chomhar riaracháin níos fearr: Straitéis chun Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a leathnú agus a fhorbairt (IMI)’ (COIM(2011) 75 críochnaitheach) pleananna chun IMI a leathnú chuig réimsí eile de dhlí an AE amach anseo.

Ina Theachtaireacht dar teideal 'Gníomh um an Margadh Aonair' leag an Coimisiún béim ar an tábhacht a bhaineann le IMI chun comhar a neartú i measc na ngníomhairí atá rannpháirteach sa mhargadh aonair, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil, agus sa dóigh sin cuirtear le rialachas níos fearr ar an margadh aonair[35].

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☑ Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta**

Táthar ag súil go dtiocfaidh an togra seo i bhfeidhm in 2013.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[36]

☑ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

---

34 Cinneadh Uimh. 922/2009/CE, IO L 260, 3.10.2009, lch. 20.

35 Féach fonóta 6 thuas.

36 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh cé chomh minic agus na coinníollacha.*

Soláthróidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht IMI. Ina theannta sin, cuirfear tuarascáil thréimhsiúil ar shaincheisteanna cosanta sonraí IMI, lena n-áirítear slándáil, faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Is é an Choimisiúin "úinéir córais" IMI, agus tá sé freagrach as oibriú laethúil an chórais, as a chothabháil agus a fhorbairt. Soláthróir inmheánach, eadhon DG de chuid an Choimisiúin (DIGIT), a dhéanann forbairt agus óstáil ar an gcóras agus áirithíonn siad ardleibhéal leanúnachais ó thaobh an ghnó de.

D'fhéadfadh cúrsaí rialachais éirí níos casta má leathnaítear IMI chuig réimsí nua reachtacha toisc go dtiocfaidh fás ar líon na ngeallsealbhóirí agus b'fhéidir go mbeidh gá na héilimh éagsúla a thabhairt chun réitigh. Ní mór an próiseas sin a bhainistiú go cúramach.

#### *2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

Meabhrán comhthuisceana a dhéantar idir MARKT agus DIGIT ina leagtar amach rialacha agus nósanna imeachta agus freagrachtaí agus oibleagáidí úinéir an chórais (MARKT) agus soláthróir an chórais (DIGIT) a rialaíonn cothabháil agus forbairt TF i dtaobh IMI. Éascaíonn cruinnithe rialta agus uirlisí tuairiscithe dlúthfhaireachán ar an obair chothabhála agus forbartha a dhéantar ar TF.

Tá coiste stiúrtha IMI, lena n-áirítear ionadaithe na ngeallsealbhóirí ar fad atá i dtionscadal IMI (úinéir an chórais, soláthróir an chórais, Coiste Comhairleach an Mhargaidh Inmheánaigh agus úsáideoirí IMI), freagrach as, *inter alia*, ardleibhéal faireacháin agus rialaithe. Tugann Meitheal IMAC IMI (foghrúpa de Choiste Comhairleach an Mhargaidh Inmheánaigh) comhairle don Choimisiún i dtaobh saincheisteanna cothrománacha a bhaineann le forbairt IMI.

Ina theannta sin, áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, de bhun Airteagal 19 den togra, gur i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme a dhéanfaidh an Coimisiún an phróiseáil ar shonraí pearsanta in IMI. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí faireachán ar an bpróiseáil ar na sonraí pearsanta a dhéanann údaráis inniúla ar leibhéal na mBallstát.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

Chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian i gcomhthéacs IMI ag na forálacha is infheidhme de ghnáth maidir le gníomhaíochtaí an

Choimisiúin, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Tuairisc……………………...……….] | LD/LN (37) | ó thíortha an CSTE[38] | **ó** thíortha is iarrthóirí[39] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| 1A | 12.02.01<br>Cur chun feidhme agus forbairt an Mhargaidh Inmheánaigh | LD | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 1A | 12.01.04<br>Cur chun feidhme agus forbairt an Mhargaidh Inmheánaigh – Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin | LN | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 1A | 26.03.01.01<br>Réitigh Idiroibritheachta do Lucht Riaracháin Phoiblí (ISA) | LD | TÁ | TÁ | NÍL | NÍL |

37 LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte

38 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

39 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | 1B | Cur chun feidhme agus forbairt an Mhargaidh Inmheánaigh |
|---|---|---|

| DG: MARKT | | | Bliain **2013** | | | | | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 12.02.01 | Oibleagáidí | (1) | 1.440 | | | | | | | **1.440** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 1.440 | | | | | | | **1.440** |
| | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí i gcomhair DG** MARKT | Oibleagáidí | =1+1a +3 | 1.440 | | | | | | | **1.440** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 1.440 | | | | | | | **1.440** |

Táthar ag súil go dtiocfaidh an togra seo i bhfeidhm in 2013 agus ní bheidh tionchar aige ar an mbuiséad de bhreis ar a bhfuil foráilte do na blianta amach romhainn i gclárú oifigiúil an Choimisiúin. Ina theannta sin, tá an togra gan dochar do na cinntí ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2013.

In 2010, is iad na foinsí seo a leanas a mhaoinigh IMI: Clár an ISA (EUR 500 000 – líne buiséid 26.03.01.01) agus línte buiséid an mhargaidh inmheánaigh (EUR 925 000). Do na blianta 2011-2012, beidh an maoiniú atá beartaithe ón ISA ionann le ca. EUR 1 150 000 in aghaidh na bliana. Tá an maoiniú ó chlár an ISA faoi réir athbhreithniú bliantúil ar thosaíochtaí foriomlána an chláir agus ar an mbuiséad atá ar fáil, áfach. Táthar ag súil go leanfaidh clár an ISA ag soláthar maoiniú do IMI go dtí 2012 ar a laghad.

Chun a áirithiú gur féidir leanúint de IMI a thairiscint do na Ballstáit ar bhonn buan, agus chun bainistíocht níos éifeachtaí agus rialú níos fearr ar an mbuiséad a éascú, fiosróidh an Coimisiún an fhéidearthacht na costais ar fad a thabhairt faoi líne buiséid amháin arna bainistiú ag DG MARKT (12.02.01 Cur chun feidhme agus forbairt an Mhargaidh Inmheánaigh). Bheadh méadú glan sa líne buiséid seo in 2013 i gceist de bharr ath-imlonnú ó línte buiséid eile.

Pé ar bith, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar chostas iomlán IMI ó 2012 amach, de bharr laghdú réamh-mheasta ar riachtanais i dtaobh feidhmiúlachtaí nua a fhorbairt, ar cheart iad a bheith i bhfeidhm faoin am sin.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí | Oibleagáidí | (4) | 1.440 | | | | | | | **1.440** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 1.440 | | | | | | | **1.440** |
| • IOMLÁN leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ó bhuiséad clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 1A** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | =4+ 6 | 1.440 | | | | | | | **1.440** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 1.440 | | | | | | | **1.440** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain **2013** | | | | | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: MARKT | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN DG** MARKT | Leithreasaí | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain **2013**[40] | | | | | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | | | | | | | | **1.440** |
| | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

[40] Is í bliain N an bhliain a gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | | Bliain **2013** | | | | | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | |
| | Saghas aschuir | Meán chostas an aschuir | Líon na n-aschur | Costas | | | | | | Líon iomlán na n-aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[41]... | | | | | | | | | | | |
| Cothabháil | | 0.4 | | 0.4 | | | | | | | 0.4 |
| - Óstáil | | 0.24 | | 0.24 | | | | | | | 0.24 |
| Forbairt | | 0.3 | | 0.6 | | | | | | | 0.6 |
| - Cumarsáid agus feasacht | | 0.2 | | 0.2 | | | | | | | 0.2 |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | 1.440 | | | | | | | 1.440 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | |

[41] Mar a thuairiscítear i Roinn 1.4.2. "Cuspóirí sonracha...".

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS IOMLÁN** | | 1.440 | | | | | | | | | | | | | | 1.440 |

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear breis acmhainní daonna

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos: Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

*3.2.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☑ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

*3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam*

– ☑ Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.